tú iad" adeir sé leis a' bhfathach
"tá siad uilig múchta"
adeir an fathach "ach aon
bhean amháin atá 'na
codhladh agus chuir sé
ísin í sin a dhúiseacht."
"Nár innis mise é sin duit"
adeir sé. "bé chaoi raibh

fhios a.d e-" adeir se: D'eirigh an fáinne ansoin agus rinne se- bean de fhéin." Níor innis an fear seo aon bhlas dhuit ach an fhírinne" adeir sé "agus thug se- chuile shórt dhá raibh teastáil uaithe sa teach seo aice. Thug se- raca agus báisín agus soitheach aice agus bhí siad sin a teastáil uaithe."

Pósadh ansoin léithe e- agus fuair se- chuile rud ó'n bhfathach agus níor choinnigh an fathach rud a. luth dhó- fhéin ní raibh se- ag iarraidh tada dhó fhéin ach an ioeshlainte chuimilt dhe fhéin. Dubhairt an bhean a bhí san bhfáinne an sin leis; "mise an bhean a casadh ort agus a thug iad

In ḟeicṡiġe S. Ó Mungáin

In ḟeiceáile (ag ceapaḋ go mbeaḋ [illegible])

~~seo~~ sin dhuit, mise an bhean a chuir
anseo thú agus tá mé dhul ag
imtheacht anois uait agus ní
thiocfhaidh mé chómh fada leat
aríst go ceann seacht mbliana,
ach déanfhaidh tú tobar" adeir
sé "chómh domhainn agus fhéudfhas
tú" adeir sé, "bí déanamh chuile
~~rud~~ rud chomh maith agus fhéadfhas
tú" adeir sé "go ceann seacht
mbliana" adeir sé "go dteagaidh
mise chomh fada leat aríst
agus má's inghean nó mac
a bheas a.d beidh sé an-
fhéicighthe go maith ansoin
a.in" adeir sé.

D'imthigh sé ansoin uaidh
agus thosuigh sé a déanamh an
tobair agus a déanamh obair
mhaith ar feann. Nuair a bhí

sé bhain pósta ansoin nuair a bhí
clann ag a bhean bhí mac is
inghean aice an aonfhacht.
Dúbhairt sé ansoin ó bhí "bíl
le Rath" ar fhéin go mbaistfeadh
sé ar an mac, go mbaistfeadh
sé ar aghaidh ar a. Sonas
"ach ní maith liom dhul a
baisteadh an inghean dhóra.
luth" adeir sé "sé thiubhrad
mé dhon bhean" adeir sé
"go mbaistfhidh an bhean
í" adeir sé. Ach bhí sé
'gobair leis ar an tobar
agus ag obair go maith ar
feicsin a' cur go leór stuif
aníos as agus ní raibh
aon deór uisge a' fanacht
dhó ann. Ach nuair a bhí
na seacht mbliana thuas

na hingíne

Tá rúin dá tabairt

tháinig an bhean chómh fada
leis. Agus nuair a tháinig sí chómh
fada leis arís bhí fear(ach) na
fáilte aige (Rompa) muithe. 'Spáin sé
an chlann di. "Seod é mo
mhac-sa" adeir sí. "Ó nach
leat an inghean" adeir sé. "nach
í rugadh a dtosach" "Ó go
deimhin ní hí" adeir sí "ach
an mac. Bé acab a rugadh
a dtosach" adeir sí leis an
máthair. "An mac" adeir an
mháthair "Beidh an mac a·m
sa mar sin" adeir sí. Nuair
a bhí a díal cainnte déanta
aige thimpeall ar a gclann
dúbhairt sí nach raibh sé
'g oibriú go maith ar a tobar.
"'Tuairim fáoi cheann dhá
bhliadhain eile" adeir sé

ní bheidh tú faghail cloch ná
gainimh ná tada" adeir sé
"ach a cur óir aníos as." Nuair
a d-imthigh sé uaidh ansoin
bhí sé 'g obair. Bhí sé cur
aníos as ansoin dhá bhliain
agus nuair a bhí an dá bhliain
thuas ansoin aige thosuigh sé
cur óir aníos as, ní raibh
tada le cur aníos ansoin aige
as ach ór. Bhí sé cur aníos an
óir ansoin as an imtheacht ~~chúig~~ [illegible]
mbhliana go dtáinig sé chomh
fada leis aníos agus ní raibh
tús na deire air. Bhí ansoin
an chlann ~~cheithre~~ trí bliana
déag. "A dtiocfhaidh tú an
aonfhacht liomsa anois"
adeir sé leis an mac 7
bhí sé 'na fhear mhór 'na

ghaisgidheach. "Cé'n áit" adeir

sé: bhuaidh sé agus ~~d...~~

d'osgail sé an poll agus

'spáin sé dhó é. "Síos sa

bpoll" adeir sé: "Sin é an

áit séudhna nach ~~nag~~ ngabhfaidh

mise go bráthach síos an aon

pholl" adeir sé: "B'féidir

nár sin" adeir sé "dhá mbeadh

sóitheach déanta dhuit go ngabhfhá

'nn ina fairrge". "Caithfidh mé

dhul an áit eicínt" adeir sé

"a bhfaighidh fear fhéachfhas

mé". "Gabhfhaidh mise an

aonfhad leat" adeir sé go

ndeanfhaidh mé sóitheach

dhuit, cuirfhidh mise an

áit thú a bhfaigh tú fear

fhéachfhas thú". D'imthigh

leóthab go ndeachaidh ~~...~~ siad

chómh fada leis an bhfairrge.
an chéad mhaide sliseóg a
casadh léithe chaith sí amach
ar a bhfairrge é. Rinne
sé sin long luchtmhar, lán
dhe sheoilse. D'árduigh sé suas
a cuid seólta móra buicóideacha
bacóideacha lán dearg go barra
na gcrann comh fhada comh
réig, comh dhíreach nár fhág
téad tíre gan tarraingt
osclú maide rámha gan
mathramhach treabhadh na
fairrge falcanta fíor-
dhomhainn 's nach dtreabh fear
amíst go lá- dhearcadh an
domhain, ag éisge, rínnte
mólta móra, ~~mólta~~ beithidheach
bheaga dhéul dearg na
fairrge thar tigheacht ar

bhus agus ar bharr an mhaide
~~raimha~~ sgluig sgluig ag a
bhfaoighleáin ó thosach na luing
go deire na luinge na heasganai
a dhul an fasgalaibh a chéile.
de ~~Bhe~~ bhaí ná mheasguithe sin
deire na srutharachaí
euarseanachaí euarseanachai
'tuoladh 'tuargaint agus a
sapail, gaimh mín a dhul
an uachtar an gaimh garbh
a dhul an iochtar le neart
seóil treabhadh agus tiomáint
agus na heasganaí beaga
a snámh isteach innte agus
a snámh amach aisti. ~~to~~
~~se~~ "Buail leat anois" adeir sé "go
bhfágh tú talamh." Thug sé dhá
~~treas~~ ~~thuaa~~ sprian rooit ~~siubhail~~ ansoin
dí agus ~~treas~~ siubhal seóil. Sgeoil

innte. Thosnuigh sé ag siubhal leis ansoin suas an t-eudan an chnuic agus bhí sé coingeáilt leis an abhainn a gcomhnuidhe agus ní raibh sé domhainn chaoi a luith ach go raibh an uisce uaige abhí innte i ndon na bradáin a chur i bhfolach ar éigin. Nuair abhí sé thuas ag barr an chnuic bhí an abhainn a tigheacht amach as barr an chnuic. Nuair a bhí sé shuas ar bharr an chnuic ansoin ní raibh aon a luith le feiceál aige uaidh síos ach talamh. Bealach dá's bhreathnuigh sé ansoin chonnaic sé an chnuic ba bhreaghtha da bhfaca sé ariamh deanta. Thainig sé ag a dorus agus chonnaic

sé ar aon dorus fhagháilt uaithe
agus sé nós a ndeachaidh sé
isteach d'éirigh sé dhe neart
a chuid fola agus chuaidh
sé isteach thrí na mullach.
Nuair a tháinig sé isteach ansoin
bhí bean na suidhe síos ag
a teine roimhe agus bord
bídh agus dighe leagtha amach
aice le haghaidh duine bith a
thiocfhadh isteach faitchíos a
mbeadh ocras air. "Céad
míle failte romhat" adeir sé
"ach cá raibh tú dhul" adeir
sé. "Tá mé dhul ag iarraidh
fear a thuaileas mé" adeir
sé. Cé'n é an rud céadhna
nach bhfaigh tú" adeir sé.
"Tá rud déanta a.d sa
anois" adeir sé "na.r

duine aon fhear amaúch agus
nach ndeanfhaidh aicíst choidhche
"~~béired~~" béir. d a- sin" adeir
sé. "Bhail siubhal ó bhun a
chnuic" adeir sé "go barr na
h easa." "Bhí congtas a. m"
adeir sé "bheith chomh tuirseach
is bhí me-. Is níl me- an-
tuirseach anois" adeir sé
nuair atá mo dhóthain ithte
a. m." "Bhfaca tú na bradáin"
adeir sé. "Chonnaic eas" adeir
sé. "agus ar cheap tú gur
bradáin iad" adeir sé.
"Cheapas" adeir sé. "Bhail
ní sheadh innise" adeir sé
"ach * fir a bhí- iomtab sin
agus bhí- chuile dhuine amach
acab ar a sheacht ndíle
dicheall ag iarraidh thú

chur le fánadh agus sin é."
adeir sé "níl aon fhear faoi'n
domhan chomh maith leat. Bee
mar thaithnigheann an talamh
atá le feiceáil a.d leat" adeir
sé. "Go ro-mhaith" adeir sé. "Nuair
a dfheiceas tú tuille dhe taithneócha
sé níos fearr leat" adeir sé.
Fhuaidh sé chodhladh san
oiche ansoin agus nuair a
d'eirigh sé ar maidin chuimil
sé bos dhá shúile dhá
bhúsla agus dhá mhalaibh,
chiar sé a cheann, ghabh sé
a thráth agus d'ith sé a
bhricfasta. "Buail leat
anois" adeir sé "agus
siubhal leat agus níl
aon cháll dhuit cuimhlint
a luth a bheith ort agus

imthigh leat go gcastar cuid eile leat". agus" adeir sé "teach fathaigh é agus fanna ar a bhfaca tú an ainm a ~~marbhóchad~~ ~~na fathaigh thú~~ marbhóchaidheá an fathach" adeir sé. "Ní mharbhóchaidh mé" adeir sé "ní bheidh tada le deanamh a. in leis ach go mbéidir dhá mbeadh sé olc go gcuirfhinn comhairle bheag air" adeir sé. D'imthigh leis go dtáinigh sé chomh fada leis a bhfathach go dtáinig sé isteach sa gcuirt aige. Bhí inghean ag an bhfathach agus d'éirigh sí agus chuir sí chúig chéad fáilte roimhe. tháinig grádh aice dhó. "Fí fa feasog" adeir an fatach "fóghaim bolaidh an

Éireannach bhréughach bhradach
is mór liom dha ghoim thú agus
is beag liom dha dhá ghoim thú
adeir sé - "níl fhios a-m céard
a dheanfhas mé leat " adeir sé -
" mar a geimfhidh mé dhe shádeóg
san aér thú ní faoi mo chosa
sa lathach." "Gabhfhaidh mé
carrúgheacht leat " adeir a
fear. "Deanfhaidh sin " adeir
a fathach." Níl mé dhul a tabhairt
droch bhás a bith dhuit " adeir
a fear ach arriú sgéaoir a
mhainfhea dhom." Rug sé le
na leath laimh ar an bhfathach. An
chéud chor a thug sé dhó chuir
sé go dtí na ghlúine e an dárna
cor go dtí na bhásta an tríomha cor
go meall a bhrádaigh. "Talamh as do
chionn a bhodaigh" adeir sé. "Ch-im

Tugtb
~~go~~ b'eadh" adeir sé "is tú an
gaisgidheach is fearr dhá bhfaca
mé ariamh. Tiubhraidh mé m'each
caol dubh dhuit" adeir sé "nach
dtiocfhadh an ghaoithe Mhárta a
bheadh ina diadh suas léithe agus
a bhéarfhadh ar an ngaoith a bheadh
roimpe agus an claimhe solais
agus boitín na h-íocshláinte agus
an t-slaitín dhraoidheachta agus
fáinne na h-óige nach dtiocfhaidh
aon lá aois go deó ort nuair a
chuirfheas tú ort é". "Is maith
é an fáinne" adeir Aghaidh ar
a Sonas. "Agus tiubhra mé
m'inghean le pósadh dhuit" adeir
an fathaí ~~sé~~. "Tá sé luath a'm sa pósadh
fós" adeir sé. "Glacfhaidh mé
an fáinne uait" adeir sé "sin é
an méid. Ach" adeir sé "bhfuil

[illegible] 7. 5. 35 [illegible]

fear a luith" adeir sé "sa rioghacht
seo is áirde ná thusa". "Ó tá-"
adeir sé. "Tá ~~ri~~ rí ann" adeir sé.
"Hanraoi ~~fo~~ fgor Thuinn" adeir sé.
"Ach ní fhéadfadh tusa dhul chomh
fada leis" adeir sé, "d'fhéadfha-
bheith ~~chomh~~ ann tráthnóna ináireach
adeir sé ach ní fhéadfadh tú
dhul chomh fada leis. Tá caisleán
aige" adeir sé "agus tá fathach
shuas ar bharr a chaisleáin
ann agus bíonn sé é'eatheadh
draoicheacht" adeir sé agus
mharbhóchaidh sé thú". "Ní fearr
liom a' eatheamh dairteachaí é-"
adeir sé. "Cuirfidh sé chodhladh
thú" adeir sé. "Ní chuirfidh sé
mise a chodladh" adeir sé.
"Gabhfhaidh mise ~~in aonfhacht~~ i nÉintacis
leat" adeir an inghean ~~thí~~ agus

bainfidh mé an draoidheacht dhe."
"Ní ghabhaidh tú ~~an aonfhear~~ i n-Éirinn
liomsa" adeir sé léithi. "Bhuail
sé leis agus nuair a chuala
sé go raibh an fathach seo
láidir thugadh sé cnoc dhe
léim leis agus gleann dhe
throslóg agus an fharraige
mhór dhe léim nithte raithte
dhá dtéaagfhadh sé roimhe.
Bhí sé a' siubhal leis agus
cheap sé nach raibh an
fathach a' deanamh tada
air, mar ~~aithigh~~ airigh sé cion
bhlas ar-ainh dhe obair
an fhathaigh go dtáinig sé
faoi'n gcaisleán agus gur
fhuagair sé ar a bhfathach
a thigheacht anuas. Dubhairt
a fathach nach ngabhfadh.

"Mar a ngabhfhaidh tusa annas"
adeir sé - leis a bhfhathach
"gabhfhaidh mise suas agus
maolbhochaidh do mheadhchan
fhéin thú mar a chaithfheas
mé annas thú." Tháinig ~~an~~
fathach annas anson aige
agus mar a tháinig thug
sé ceangal na gcúig ~~thaod~~ 3cead
air go daor agus go docht,
go dtiubhradh ~~seanach a~~
laidhricín a choise seanach
dho pholl a chluaise ~~agus~~ nach
seanach a mheasachaí ach
leis léin agus donas mór.
"Mo chongnamh agus mo chuid
ort" adeir a fathach "chuille
ait dha siubhailfhidh tu"
adeir sé "ach mé sgaoileadh".
Sgaoil sé an fathach anson.

'Thug a fathach isteach sa
geinint ansoin é agus bhí-
ann sé istigh. D'fhiafraigh
an sé dhe cé b'as é. "As
Chnoc na Nidh" adeir sé.
"Tá 's a'm é" adeir a sé.
'Cá'il tusa dhul anois"
adeir sé. "Tá mé teacht ag
iarraidh mná ortsa"
adeir sé. "Gheobhfhaidh tusa
sin" adeir a sé "is dhuit atá
mé ~~dhul~~ dhá coingbheáil."
Phósadar ansoin agus bhí-
bainis acab seacht n-oiche
agus seacht lá agus ní raibh
fhios cé bfearr an chéad
oiche na an oiche dheireanach.
Dúbhairt an sé ansoin leis
"tá rioghacht aige i bhfolach
duinn fhéin agus leat ní-

sgaofhaidh mé i gcaitheamh a
tsaoghail;
tá stoc agus eallach ann mar
bhí agaibh fhéin
tá séulta agus geallach ann
mar bhí agaibh fhéin
tá aonach is margadh ann
mar bhí agaibh fhéin
tá laetheannta fada ann agus
léas ins an ngréin
tá ór gaobh craobh ann
dhá chaitheamh gan sple-
chúis mhaisfheas a draoidheacht
dho Hanraoi fó fáoi Thuinn.
Dubhairt sé ansan leis go raibh
sé a tabhairt na háite suas do
ach go mbeadh sé fhéin a breathnú
'na dhiaidh. (Ní raibh draoidheacht
a. luth ag Aghaidh ór a Sonas
ach buaidh a bhí aige)

Tháinig an bhean a chur amach
as a bhfairrge é aige ansoin
bhí sí sa sinteach ach nach
bhfaca sé í. "Tá mise dhul
chomh fada le do dheirfiúir
anois go Bnoc na Nídh"
adeir sí agus beidh sí dhul
a pósadh go gairid". Bhí
seisean a rádh go ngabhfadh
sé an aonfhact leithe. "Ó
ní fhéadfhadh tú an áit
a bhfuil tú fhágál chardhchéin"
adeir sí "ach is gearr go
mbeidh mise an aonfhact
leat ag do t'athair agus do
[illegible] arís mháthair freisin. D'imthigh
leithe ansoin agus tháinig sí
go Bnoc na Nidh agus bhí an
fear ag obair leis a sarfa
chuid óir aníos a gcomhnuí.

D. fhan ~~se~~ sé an aonfhad leó thab
ansoin seachtain nó coigheis.
"Bí ag obair leat a cur do chuid
óir aníos go ceann seacht mbliana
adeir sé" "sin é an uair a
bheas do dhóthain curtha aníos
a.d. Agus má thagann aon
dhuine ag iarraidh na h-ingheana
ort "adeir sé "féudfhaidh tú
í thabhairt dhó". Níor bhaist
mise ariamh í" adeir sé-
shíl mé gur tú fhéin a
bhaistfheadh í". "Mara bhfuil
uait ach í bhaisteadh" adeir
sé "is furasta é sin a
dhéanamh, baistfhidh mise
dhuit í, baistfhidh mé Barr
na h-Easa uirthi. Ní thiocfhaidh
mise go ceann seacht mbliana
eile aníos" adeir sé nuair

abhí sé ag imtheacht "agus cébí
fear ar thiocfhas dhá h-iarra ná
tabhair dhó ~~aon dhuine~~ go dteagaidh
uisce aníos ach geallaigí dhó í.
Duine ar bith thiocfhas chomh fada
leat" adeir sé "agus b'féidir gur
geárr é bí a bhainnt spás
díob go dteaga uisce chomh
fada leb aníos." Dubhairt sé
go ndéanfhadh. Ní mórán achair
abhí sé imthighthe anois, trí
bliain nuair a tháinig Mac Rí
na h-Iorrú 'gá h-iarraidh.
B'féidir go ~~dhut~~ dtiubhfhainn
dhuit í" adeir sé "ach níl sé
dhul a pósadh go mbeidh sé
bliain is fiche. Nuair a bheas
sé ~~lín~~ in ám aice pósadh teara
agus tiubhraidh mise dhuit
í má bhíonn sé fhéin sásta

agus mara mbeadh ní thiúbhra."
"Go raibh maith agat" adeir sé
agus fad saoghail, agus mara
bhfuil ann agus go bhfaigh mise
an bhean sin" adeir sé "ní
bheidh mé beó." "Tiubhraidh
mise dhuit í faoi cheann ceathre
bliana" adeir sé "má bhíonn
sí fhéin sásta. Bhain ó'n
lá sin anonn tháinig mac Rí
fó Thuinn dhá h-iarraidh agus
d'iarr sé ar a h-athair í. "Bhain
go h-am seo" adeir a h-athair
"bhí mac Rí na h-Iorrai dhá
h-iarra agus gheall mise dhó
í dhá mbeadh sí fhéin sásta
ach ní fhéudfhaidh sí pósadh
go ceann trí bliana agus duine
a luith agaibh a bheas sí fhéin
sásta a phósadh faoi cheann

leis a mbeað sí sásta ar é a ṗósað
mar sin

a mbeiḋ sí sásta ar a ḟósaḋ

chathre bhliana túbhraidh mise dhó
í." Nuair abhí dhá bhliain caithte
ansoin tháinig mac Rí na Loochaí
dhá h-iarra. Dubhairt a hathair ansoin
"gheall mise dho fhear eile cheana í"
adeir sé "agus ní gheallfhaidh mé
dho aon fhear eile í. Ach teara
faoi cheann bliana eile" adeir
sé agus inne sé lá ~~at~~ áitheid
leis "agus beidh an fear eile
anseo" adeir sé "agus an bhaint
acab" adeir sé "agus cebí ce-
x agaibh a bheas sí fhéin sásta
a fhósadh an lá sin túbhraidh
mise dhó í." Nuair abhí an
bhliain shuas ansoin tháinig
an bhean ar a talamh. Nuair
abhí sí ann ansoin nuair
abhí an lá shuas tháinig na
toir gaisgidheachaí dhá h-iarra

an aonfhacht. Nuair a d'innis an
t-athair dhon bhean annsoin gur
tháinig mac Rí na h-Iorrus 'gá
h-iarra ar dtús agus gur gheall sé
fhéin dó í. "B'féidir gurb é an
duine is fearr acab é" adeir
sí "ach ní-sé-an mar a b'é
na-ceap go bhfuil tusa a dhul
1 3om dhá tabhairt dho aon dhuine eile."
Tháinig a triúr gaisgidhleacaí annsoin
agus ná tháinig fhéin ní raibh
aon ghoir aige san ar a mbeith
eile. Bhí siad a caint faoi
go dtáinig siad. "Bhail anois"
adeir a bhean má tá muná a
teastáil uaib túbhradh uise
beith bhan dúb" adeir sí chomh
breagh léithe agus spáinfhidh dúib
anois ar a nóiméad iad má
thoghnuíonn sib é" adeir sí.

Thug sé aníos acab as a seomra iad. "Meas tú anois" adeir sé "a bhfuil a bheirt sin chomh breagh léithe". "Tá fhios ainn go bhfuil" adeir siad. "Bhfuil 'ach a.d sa dhe sin" adeir sé le mac Rí na Lovachar "ná a bhfuil aon dreathair na dreifiur sa mbaile a.d." "Tá" adeir sé. "Má tá" adeir sé "caithfidh tú dhul an aonfhacht léithe, tiúbhraidh muise 'ach dhib" adeir sé. "Bhail" adeir sé le mac Rí Lo Thuinn "tá fhios a.m go maith go bhfuil 'ach a.dsa". "Tá" adeir sé "ní'l athair na máthair a.msa agus níl dreathair na dreifiur agam agus níl tada a.m ach seanbhántai agus mé fhéin a' ní" adeir sé. "Bhail" adeir sé

"feudfhaigh tusa do bhean a thabhairt
leat mar sin" adeir sé "agus feudfhadh
mise ceart thú." Dúbhairt sé go
raibh sé ~~[illegible]~~ ceart. Nuair
abhí chuile shórt ceart acab ansoin
"bhoil" adeir sé "duine ar bith tá dhul
an aonfhact lousa leanadh sé mé."
Lean Cúl le Rath agus a bhean
ansoin í agus d'oscail sé an
poll agus chuir sé síos Cúl
le Rath agus a bhean agus mac
Rí na Lorachaí agus a bhean
nuithe ["tá eólus a bhealaigh sin
agaibhse cheana" adeir sé le
Cúl le Rath. Dúbhairt sé ansoin
le mac Rí ~~na Lorachaí~~ Ó Thuinn
"feudfhaidh tusa agus do bhean
a dhul abhaile anois" adeir
sé "agus beidh spóirt mhaith sa
mbaile romhat. Nuair abhí sé

agus ingin bean Cúl le Raṫ.

sgara le mac Rí na h-Iorrai ansoin
agus le inghean bhíl le Rath.
"Deanfhaidh tusa cúnt a bhfad
ó'n teach" adeir sé agus
cheap sé amach an-áit a
ndeanfhadh sé í. "Agus mara
mbeidh sí deanta roimhe lá 's
bliain agaibh tairngeóchaidh
sib trioblóid dom sa." Dúbhairt
a' bhean go mbeadh. Bhí an fear
a deanamh na cúinte ansoin agus
ní raibh sa teach ach a bhean-
agus páiste sa gcliabhán.
Tháinig duine uasal isteach aice
tráthnóna. "Tabhair dhom deoch"
adeir sé. D'eirigh sí agus ang
sí ar shoitheach a dhul a
tabhairt deoch dhó. "Ní dheanfhaidh
an deoch sin mé" adeir sé.
caithfidh tú deoch a thabhairt

as a tobar dhom." "Tá an soitheach
seo beag le haghaidh an tobair"
adeir sí. "Bhfeiceann tú an
soitheach sin shall ar a
dhruisiúr" adeir sé; soitheach
galánta agus ní fhaca sí ariamh
roimhe sin é. Thug sí leithí an
soitheach agus chuaidh sí ag
a tobar. Nuair a shíl sí an tuisge
a thógeál se- níos ar thuit an
soitheach síos sa tobar uaithe
agus ní fhaca sí aon amhare ní
ba mhú air. D'euigh sí agus
rith sí agus bhí sí go dtí
na h-ascalaibh nuair a tháinig
an fear abhí istigh agus bád
deanta dhen chlabhán aige agus
tharraing sé- isteach í go dtug
sé go dtí an chuid abhí dha
deanamh; bhí an t-uisge eirighthe

go dtí an chúirt a bhí dhá déanamh.
Leig sé an bhean agus a páisde
amach ag a gcúirt. "Anois"
adeir sé "is mise an fear atá pósta
ag dreifiúr do mháthar agus tá
bealach fada le déanamh agam.
agus" adeir sé "tá t'athair agus
do mháthair agus t'athair-mór
an aonfhad linn i dTír na ~~nÓg~~ nÓige
agus do dhreatháir" adeir sé "tá
sé pósta ann agus é 'na Rígh
ann agus beidh sliocht bhúil
le Raith i dTír na ~~nÓg~~ nÓige agus a
long i nÉirinn. Ní bheidh ann
níos mó" adeir sé "tá an
saol socruighthe anois" adeir
sé.

Críochnuighthe 16:10:34.

Ceartuighthe 8.5.35 [illegible]

Nóta

Sgríobh mé an ~~gar~~ t-amhrán comh gar don fuaim abhí ag níortlín 7 d'fhéad mé ach ba ceart duitse (Smeg) é a léigheadh do níortlín arís agus é ceartughadh ~~mar a~~ má tá aon rud as bealach ann.

## An Captaen Corain

I

'Sé a Peadar ba mhaith do gealladh dom go
ndtiúbhrfá mé isteach Éirinn
mar bhí tú i. fear maith fairrige 's
'Cuartaig tú 's gach réigiúin
ní raibh an Cara beag sa mapa agat
b'olc do navigation.
agus neaiceáilead ar na raisers (flashers) tú
dar liom ba mór a sgéal é.
agus ólfaidh (curfa) muid a crúiscín agus
deamhan (deoir) ann

Dul amach isteach Poll na Seantuinne
D'éirigh stoirm 's ~~tan~~ tonnta (tounta)
tháinig ceo 's gur mearbhall orm 's rith
mé as cionn cúmpáis
Weaváil mé na fairrige í gur chuir
mé ar luighe to í
's na spáráil ar a gcarraig í tá sí
soiléir faoi insurance
agus ólfaidh muid (curfa) a crúiscín agus bíodh sí (lán)

←

Tá píosa eicint fágtha amuigh anseo.

Deir Micilín féin gur rud eicint ~~ar~~ faoi "cur challenge ar a námhaid" an líne nach bhfuil istigh

'S iomdha cuan is caladh chuir a Chaiptín
úd i bhfáinne
Innis Innis Scillinne sin agus ~~dún~~ dún
sáidte
X Nuair a bhí gach dochar caithte aige sin
chara beag a sháruigh é
Agus ólfaidh muid a crúiscín agus
bí 'tse lán.

Beirim-se mo mhallacht duit a Mháirtín 'ac
Con Faola
'S olc a fear i gcrannóg thú do sheasamh
suas do smuiste
Bhí an Caiptín Coraim beachtaráilte 's é
craite t'éis na hoíche
'gus chuala mé dul tharam é nach raibh
an t-uimhéara ró bhuidheach díom.

Curfá

Agus ólfaidh muid a crúiscín agus
bí 'tse lán

(labair fear eile an sin)

Ná bíoḋ uilleán ar a gcaiptín agaiḃ (adeir sé)
Siúd é an fáṫ naċ ḋtáinig.

Ní raiḃ muiníġean as na fir aige ḋá méaduiġeaḋ
pu ḋen ġála

Crios ḋe ṫoġa a t-saicín aḃí costa faoi
na lár-r

'S gur ḃé sruṫ loċ na lanac a ṫug Peadar
ḃoċt le fánaiḋ

agus ólfaiḋ muid a crúiscín agus bí 'ṫ sé-
lán.

(labair an fear eile aríst)
'S fada mé le fairrge 's ní ḃfuair mé fear
mo ċáiṁṫe

'Líonfaḋ malaḃ feamainne na ar ċeann a
ṁaide Ráṁa

Duḃairt tú naċ raiḃ raiṫ orm ḋá méaduiġeaḋ
pu ḋen ġála

'S ó ċuala mé do ċeardaíoċtar ní mór go
ḃfuilim sásta

C. agus ólfaiḋ muid a crúiscín agus bí 'ṫ
sé- lán.

(gaċ le ceaṫraṁaḋ ag ċaon duine ḋíoḃ)
beirt uaiḋ seo síos

'S naċ ormsa ḃí an mearḃall nuair a
maslaiġ mé mo ḃráṫair
Dá mbeinnse síos i nGaillimh go dtóigfeaḋ sé
mo ṗáirt ann
Ba minic uaiḋ ḃeiṫ 'na ṡeasaiṁ deanaiṁ
graiṫe ar ṡon a lánX fear
'gus ó ḃí cúl mo ṫeanga liom tá súil agam
go ḃfaiġeaḋ párdún.
agus ólfaiḋ muid a cruiscín agus bí-ṫ
sé lán.

'S ní ċreidfiḋ mise ó'n sagart ó'n easpog
ná ó'n ḃPápa
go ndéarfá tada ar ḃealaċ liom ní duine
ṫú ḃí raiḋteaċ
'S ó ḃí cúl do ṫeanga leat ní ḃéarfaiḋ
mé greim gearr ort
'S a Ṡéamuis ná bíoḋ faitcíos ort naċ
dtóigfiḋ mé do ṗáirt suas
agus ólfaiḋ muid a crúiscín 7rl.

'S a Peadair 's breáġ do Ċarabhon 's do
pīl mór fada bear skin
do ḃeist de ṫoga an ċéasamar 's do
Ṗantaloon dá réir sin
do ċána buiḋe ceann airgid 's do watch
breaġṫa i nÉirinn
'S do ḃuataisí duḃ daiṫṫe 's naċ é an
Caiptín atá gléasta
Curfá.

Ó's gur fada siar na h-Indiacaí 's ḃí an
Caiptín úd trí mí ann
Ní ór a ḃí teastáil uaiḋ mar ḃí fairrsing ó'
'na ṫimpeall
Spúnogaí breáġ airgid a ċeannuiġ sé go
daor ann
'S níor féad sé 'dtabairt abaile mí
gur sgaip sé ~~ladína timpeall~~ ar a ġaolta iad
Curfá.

'S a ġifte ṫug a caiptín ḋom 's é ṫeis
 a ṫeaċt ṫar sáile
Deir daoine gur fiú leiṫ ~~[illegible]~~ ġine é ḋe
 ġráiṫí breaġ na Fraince
Naċ iomḋa ór is airgead a scaip sé ar
 níṫe fánaċ
'S ḋeaiman óg bean ḋeas sa mbarúntaċt
 naċ gcaiṫfiḋ ṫeaċt 'na láṫair
 Curfá.

'S Peadair bán Uí Ċoráin go deimin tá mé
 buiḋeaċ ḋíoṫ
agus molaim is i bpobal ṫú seaċa bfuil mo
 ṫimpeall
Ní breáġ naċ breáġ í gobair ḋeas mar 's
 iomḋa ór na ṫimpeall
agus nuair a ċuraim ar mo hata í bionn
 mná deara go na ċoṁnḋeaċt
 Curfá.

'S ṡiubail mé Éire is Albain Cluain Meala
'S ~~Dún~~ Tuaim na Móna
Ṫart ṫrí Sliaḃ Patraí 's as sin go Creig
a Roisce
An obair ḋeas ḃí ag Peadar Bán ní
ḟaca uiṁe 'mo eólus
ag Caidnéara na ag Cameraman na ag
fear ḋeasuiġṫe na gCóistí
agus ólfaiḋ muid a crúiscín agus
mil deoir ann.

(Críoċ)

Tomás ~~[illegible]~~ 'ac Confaola ḃí ina ċoṁnuiḋe ṡuas i nGleannán a rinne an t-amhrán seo. Ḃí fataí ceannuiġṫe 7 bfioḋ muse aige. fuair sé bád ó ḟear i Roisín na mBan iaċ a raiḃ Micil Ó Caolaiġ air le hogaiḋ na fataí a ṫaḃairt amaċ. Ṫug sé leis 'an Domn Mairtín 'ac Confaola agus Peadar Ó Coraín isteaċ an aonḟocal leis ag iarraiḋ na bfataí. Nuair

a bhí stad a theacht anois san áit a raibh
stad le haghaidh na fataí a chur amach
bhí loch gháile ann agus ~~bhí~~ sruth mór
a teacht ~~amach~~ anois thríd a loch.
Loch na Lanach atá ar an loch seo.
Tá mullán i lár na locha agus ní
raibh mórán eolais ar an loch acab.
Tháinig an bád ar a mullán leis a
sruth agus chuireadh poll uirthi. Bhí na
fataí fliuch ach bhí stad i ndon a theacht
i dtír. Rinne Tomás 'ac Con Faola an
t-amhrán ansoin. Ní raibh suim a bith
ins na fataí beith fliuch aige ach
"nach mbeadh an t-uimhcéara ro bhuidheach
de" sé sin uimhcéara an bháid.

Bhí Séamus Sheáinín a maoirseacht i Spike
agus a mhac Máirtín agus a inghean Máire.
Tháinig Máirtín amach ag obair go Carna.
Bhí sé a fanacht tigh Máirtín Ó Loideáin.
Bhí sé baint gainimh i dTulach Carna
Thuit píopa den úimín air agus
marbhuigheadh é. Bhíodh an dreabhaltar Máire
a dul isteach is amach go Spike go
minic ina dhiaidh sin. Bhíodh bád ó Niadh
as Fiodh Inis y Breathnach Col
leathar do bád a dul isteach is
amach le Máire. Tháinig oíche
gharbh orthab uair agus chuireadh
ar ais iad as Fiodh Inis. Rinne
Máire ~~amhrán~~ amhrán ansoin.
Sé 'n fuaim atá leis an amhrán
an fuaim chéanna atá leis an
amhrán "An Caiptín Loráin".
(Tá an t-amhrán ar an gcéad
leithanach eile den leabhar seo)

Bí mise agus ~~bairġmeád~~ a Breaṫnaċ agus Bairġméad as fioḋ 'nis

a ḋul ar oileán fairrige le tuitim ḋuḃ na hoíḋċe

Ṫáinig muir mór sneaċta orrainn ⁊ casaḋ

a baile arísc muid.

Nuair a ṫáinig muid isteaċ ann ní raiḃ áit ainn

ar na binsí

D'éirig mé 'mo ṡeasaṁ agus ṡeas mé leis a

gcúlaiġ

Séamus dubairt sé fág a bealaiġ ní go dtéig mé

siar don tseomra

Maraċ ómás beiṫ do ṡeige agam d'innigeóċainn

as san oíḋċe

Ní fada ó baile raċfainn aiċ tiġ Sciopáin 'ac

Con Ríoġ Soir

Tá mo ṁuinntir uilig ⁊ bfeiriġ liom as seo ~~soir~~

go dtí Ceann Golaim

Mar ġeall ar maiḋí ~~[illegible]~~ fairrige ⁊

ar ṡeamainn tuinn mússaraí

'S dá mbeaḋ gan aon teaċ a bainfeaḋ

liom

aċ tiġ Ṡeáin un uiaḋ ar a ṫurlaċ
ġeabḟainn 'rán is fataí ann is oifreann
ċuile Ḋomnaċ
'S dá mbáiṫtí ar a leacca muid ġabḟaḋ
a naṫair boċt dá dtóruiġeaċt

'S ólfaḋ muid a cRúiscín is bí'c so-
lán.

16: 12: 54

Púcán Baibsín

'S go deimin a Ṡeáin Uí Ċaoċasaiġ is mór an
éagóir atá ṫú ḋéanaim ar do ċlann
naċ gcuireann ar na coirnéil i n-gaillimh iad agus
tiubrfaí iad anonn ġo St Paul
ḃeaḋ siad a cur soitiġ go gaillimh naċ
dtóiġfeaḋ teaċt ann aċ ċúig lá
ḃeaḋ a bpaisméaraċt le fágail ann in aisge
agus beaḋ muid féin ṡall fré na mná
'S ag baibsín tá 'n báidín is gleóite ḋá 'r
árduiġeaḋ ḋá ṡeól ar a crann
tá sí déanta leiṫí fairrige is feóṫcan is mór mór
tá a buaḋ ar gaċ geall
ní faca tú an Caiseal a seólaḋ ná bád seo
naċ bóin ina Reaċt
ba deise sáṫ suas faoi in dubaċ bíġ nuair a
sgríocaḋ sí anuas ar a trúiġ
bfuil cuimne agaiḃ an lá úd an a raiḃ muid
in Árainn
'S a ndeaċaiḋ muid an seól ag a sgailp

Dubairt ’ċaon fear nác raiḃ sé an tseólta
Dubairt Páḋraic go raiḃ go rí ċeart
Cuaiḋ Domnall siar ina tóin agus tairrig
sé amaċ a Red Sgeaf
aċ a Micíl leag láim ar a stiúir go ceann
nóiméid
go nglanfaiḋ mé mo ṡúil mar is ceart
go setáilfiḋ mé suas ó le gaoit í go
gcuirfiḋ mé fúm suas leac dearg.
Dá bfeáġfaḋ Micíl ó caiptín mait stiúraḋ
mbeaḋ amarc a ṡúl aige a gceart
go ngabfaḋ sé féin ó go Gansey go
dtóigfeaḋ sé cargo tobac.
a filleamaint abaile aríst di sí bí dá
cáṫaḋ le spóirt
’S ó fuair sí anoir amarc ar Árainn
ba ġeall duit í le sioc no míol mór.

(bí Micilín ag eisteaċt leis an bfear
a rinne an tamrán seo dá raḋ
Tomás ’ac Donċaḋ an tam in a bí

air. Is aige a ċualaiḋ Micilín go
leór ḋe na sgéalta atá aige )

16. 12. 34

Loit sí mé le saiġead glan géar 's d'fog
sí léaf ar lár mo ċroiḋe

## Íoċ na hÍḋ

Aimhrán é seo a rinne Mícheál Marcais. Ceap
sé go b'í Bannríoġan na Breaiġne a
casaḋ air.

Tróċnona aréir 's mé siubal liom féin mé triall
ar Éire Íoċ na hÍḋ
mo ġruaḋ gur léiġ 's gur ait fré-ċéile le eagla
ġéar 's gan fios cé faoi
Iais na spéarṫa ar gaċ taoḃ ḋíom 's fuair
mé léargas beag ar mnaoi
a óig bean mhúinte ná buail fúm agus dearc
mo ṡnuaḋ naċ bfuil mé slán .
Tá mé gruamḋa crosta brónaċ 's páirt ḋe
mo stuaim beiṫ ar easbaiḋ ball
ná tig 's ná síl mé ċaiṫeaḋ ḋíot 's a
léaċtaí rí breaġ ċuir mé 'un báis
'S ó fuair mé sgéula ar feabas do ḃéasa
ṡiubalfainn Éire ḋe fón ṫú fágail
bfuil sé in Éirinn ná faoi'n an saoġal rud a ḃíe
fós a leiġeasfaḋ grád

tá píosa eile le cur anseo. t

ór na hÉireann 's bíoḋ sé an aonḟact 's a
bḟuil faoi'n saoġal ḋen tsaiḋḃreas ḃreáġ
ní ṡásóċaiḋ stúḋ mé in áit mo ċlíṫ gan ~~gan ceangal dlúṫ~~
ceangal dlúṫ agus ċaiṫfeaḋ fágaíl
's tóirm spás go ceann naoi lá go dtuga
mé séairse amaċ faoi'n tír
le beannaċt fágaíl 's a ṫabairt ḋon dream
a raiḃ mé i bpáirt leóṫaḃ seol ḋen tsaoġal
ṫuga leat is dean 's bí agam anseo arís
mar tá mo fleet ó ḋeas ḋen ~~[illegible]~~ Spáinn (Ceann)
Íoċrann oíċe ag clanna ríġṫe agus beiḋ
fuil ḋá tumaḋ ag bun na gcrann

Crochúbhar a' Dá Chaora.

Séard a bhí ~~in~~ Crochúbhar mac baintrighe, ní raibh ann ach a mháthair a bhath coinnughadh isteach aige, ní dheachaidh sé amach as a teach ariamh. Dhá chaora a bhí acab. Tháinigh a mháthair isteach ansan tráthnóna. "Caithfidh muid an chaora a thabhairt dhon rígh" adeir sí. "Tuige" adeir Crochúbhar. "Tá sé a coinnughadh isteach" adeir sí "an té nach bhfuil i ndon bó nó caora a thabhairt dhó caithfidh siad gé nó cearc a thabhairt dhó: Caithfidh muid ceann dhe na caoire a thabhairt dhó." "Ní cheall-ughim é sin chor a bith"

adeir sé. "Cuir isteach a·
chaora" adeir sé "agus
agus ~~marbhu~~ marbhóchaidh
muid fhéin í agus iosfhaidh
muid í." Tugadh isteach
a chaora ansoin agus
sgeair a mhair sí dhó dhá
marbhughadh 's dhá feanna
's dha cuir síos a bruith.
Nuair a bhí an chaora ite
ansoin bhí siad ceart go
leór. 'Sgeair go dtáinig an
mháthair isteach aríst agus
dúbhairt sí gur dhúbhairt
an rí an chaora eile a
chur aige. "Ní chuirfhidh
muid" adeir sé "sgeair
a mharfhidh sí dhuinn
fhéin. Nuair a chualadh an
rí go raibh an dáona caora

te chuir sé fios ar Bhrochúbhar.
Nuair a tháinig an sgéula aige
ansoin, "Is thú mharbhú atá sé"
adeir an mháthair. "Ní sheadh
adeir sé. Dheirigh sé suas
ansoin agus tháinig an
oiread meíd eile ann 7
nuair a dhírigh sé é féin
gur chroch sé an cloigeann
dhen teach. Bhuail sé leis
go dtáinig sé chomh fada
leis a ní agus nuair a
chonnaic an rí é tháinig
faitchíos air roimhe agus ní
raibh fhios aige céard a
dhéanfhadh sé agus ní
dheasnadh sé ach a dhul
chomh fada leis an sean
fhear glic. ~~Bhf~~ "Bhfuil fhios
a.d ~~ansoin~~ anois" adeir an

se an fhear glic" ta sé sin láidir
agus níl fhios a·d cé·n sórt
duine tá ann go dtí·áilfhidh tú
é. Cuir ar an aonach a
máireach é agus abair leis
ar bhaith ceannacht go dteaga
tú fhéin ann agus go ndíolfhaidh
tú fhéin iad. nuair a ~~agus nuair a~~
~~thiocfhas tú ar~~ na teigh thú
fhéin ann chor a luth agus
marbhó lucht an aonaigh
ansoin é." D'imthigh leis an
soin agus chuaidh sé chomh
fada leis. "Díolfhaidh tú
ar an aonach amáireach
a bhrochúbhair" adeir sé
agus beidh tú a ceannacht
bhathí go dtigh mise ann 7
nuair a thiocfhas mise ann
díolfhaidh mé iad." Bhuail

bhrochúbhar leis agus chuaidh
sé ar an aonach. Bhí díol
agus ceannacht ann ach
ní raibh mórán fios ag
bhrochubhar faoi agus bhí
sé a ~~ceannachaint~~ ar aon
cheann a cheannacht.
Dubhairt duine éigint leis
ansoin dá dtugfhadh sé
níos mó airgid orthab go
bhfáughfeadh sé iad. An
chéad cheann a cheannuigh
sé ansoin bhí chuile
dhuine ceannuithe ar ag
iarra air a chuid fhéin a
cheannacht nó go raibh
gach a raibh ar an aonach
ceannuithe aige. Nuair a bhí
ní raibh tada le na
níoc aige. Thosuigh cuid acab

bhfuil an taobh ach mhig aige."
"Níl fhios agamsa céard a dhéanfhas
tú mar sin b'féidir go m-bh'é nós
a mharbhóch sé siúd thú
nuair a thiocfhaidh sé." Nuair
a tháinig bhrochúbhar "gabh amach
adeir sé. leis an rí "agus lig
ag íoc." "Ó níl aon airgead
agam" adeir sé "ach abair
leáthab iad thabhairt abhaile
anaist agus aon d a luth a
caoifhas tusa oom anaist
go deó deanfhaidh mé é."
"Tugai abhaile iad anaist"
adeir bhrochubhar "níl
aon airgead ag an rí.
Ach séard tá mise iarraidh
ortsa" adeir sé leis an
rí "mo mháthair a phósadh."
"Pósfhad" adeir an rí.

Phós sé an mháthair annsoin
agus bhí ~~bh~~ brochúbhar an
sin an aonfhacht leis a rí
sa gcuírt. Bhí an rí ina
dhiadh sin fhéin dhá
bheó-fhianadh. Chuaidh
sé chomh fada leis an
sean fhear glic. "Bhuel"
adeir sé "meas tú bhféud-
fhaidh mé cóir bháis a
luth a chur ar bhrochúbhar".
B'féidir go bhféadfhá" adeir
a sean fhear glic. "Cuirfeadh
tú amáireach ina coille
é agus triúr eile leis agus
tiúbhraidh tú capall is córr
do chaon dhuine acab agus
déarfhaidh tú le brochúbhar
an crann is mó atá sa
gcoill a thabhairt agat, tá

dragún faoi bhun an chrainn
sin agus má theigheann sé a
bhéidh leis a dragún íosfaidh
an dragún é." D'ordaigh an
rí triúr caoréaraí a dhul ma
caille lá.s na mháireach agus
~~dúbhairt san~~ Bróchúbhar 7
dúbhairt an rí leis a triúr
eile gan a dhul a bhfad
isteach sa gcoill agus gan
a thabhairt leóthab ach
caoránaí beaga agus a
bheith ar ais go luath aige fhéin
agus cead a thabhairt do
Bhróchúbhar a dhul chomh
fada leis a gcrann mór.
D'imthigh leóthab agus chuaidh
na caoránaí eile amach
luath sa lá agus níor
chorraigh Bróchúbhar go

raibh sé a bhfad. Nuair a bhí
sé dul isteach sa gcoill bhí
na carranaí eile a teacht
amach aige. Rug sé ar ~~cho~~
chloch ~~mor~~ mhór abhí ann
agus leag sé trasna sa
mbóthar í agus ní raibh
ceann acab i ndon a dhul
thairte. Bhí sé fhéin i ndon
breith ar a chapall is ar a
charr agus iad iompar thar
a gcloch. D'fhág sé na
carranaí eile fuistighthe.
Chuaidh sé isteach sa
gcoill chomh fada leis an
gcrann mór agus tharraing
sé é. ar an bpointe is
ar tharraing sé an crann
d'imigh dragún mór agus
d'ith sé an capall. "Caithfidh

tú fhéin an carr a tharraingt
aníos" adeir Brochúbhar
leis a' dragún. Cheangal
sé an crann don dragún.
B'éigin dó an chloch a
thógáil uaidh na carranaí
bhí siad feistighthe ann
roimhe. Nuair a chonnaic
an rí an dragún agus a
crann a teacht bhí fhios
aige go maith go n-íosfhadh an
dragún a raibh ann acab.
Chuaidh sé go dtí an sean
fhear glic agus dubhairt sé
leis go raibh an dragún 7
an crann mór a teacht
ag Brochúbhar. "Fuagair air"
adeir a sean fhear glic "'s
chuir ar ais sul dhá
leigfhidh tú níos faide é."

chuaidh an rí amach. "A Brochúbhar"
adeir sé "cuir ort air a' sin
agus túbhra mé an chuirt
agus chuile árt suas duit /
ní bheidh aon mháistir ort
feasta ach thú fhéin." Ní
rinne Brochúbhar ach an
dragún a sgaoileadh dhen
mhaide agus "teirigh san
árt a raibh tú cheana"
adeir sé. Rinne an dragún
a chomhairle. Cheap Brochúbhar
gur b'é fhéin an rí ar fad
ansoin ach bhí an rí ag
carra dóibh comhairle
a gcommuidhe agus bhí
Brochúbhar a dhéanamh a
chomhairle. Chuaidh an
rí go dtí an sean fhear
glic arís agus d'fhiafraidh sé

dhó a raibh cóir bhráis a bith le
cur ar Bhrochúbhar. "Níl fhios
am" adeir a se an fhear ach
tá páirc mhór thíos ag a loch
agus ahair leis gur cheart dhó
í threabhadh leiffí cur i
mbliana agus ar ndóigh ní
dheachadh aon dfuine dha
treabhadh ariamh nar ith
an eascan atá sa loch agus
b'féidir go níosfhadh sí Brochubhar."
Nuair a dúbhlaint an ní le Brochubhar
e thug sé péire capall leis 7
chuaidh sé a treabhadh na
páirce. Sgeal gur éirigh an
eascan agus agus go dtug sí
ceann dhe na capaill léithe. Nuair
a shíl sé a dhul san loch "fan
ansoin" adeir Brochubhar ní go
dtreabhfhadh tú féin an pháirc".

chuir sé isteach faoi'n gcéachta í an aonfheacht leis an gcapall. Nuair a bhí an pháirc treabhtha tráthnóna "Cuirim-se faoi gheasa thú" adeir an t-easgán "agus faoi mhór dhrochmí na bliana gan an dara béile ithe dhe aon mhéis na an dara oíche chodhladh ar aon leabaidh go dtuga tú aimsir an fáinne óir atá ag Banríoghan Shliabh an Óir." Tháinig Crochúbhar abhaile agus é sáthach buadhartha 7 is beag nar leag sé an chuirt leis an osna a leig sé as. Bhí an sean fhear istigh "Tá geasa ort a Chrochúbhair" adeir sé. "Tá" adeir Crochúbhar. "Bhí mé ag treabhadh báirrél anseo shíos agus d'éirigh easgan as agus d'ith sí

capall orm agus chuir mé í fhéin
a treabhadh an áit an chapaill.
Nuair a bhí an pháirc treabhtha
tráthnóna nuair nach raibh
mé i ndon aon pháigh a thabhairt
dhó sé'n pháigh a thug sé dhom
me chur faoi gheasa gan an
dóna béilí the dhe aon
mhéis ná an dóna oíche a
chodhla ar aon leabaidh nó
go dtugainn mé aire an fáinne
óir atá ag bainríoghan Shléibhe
an Óir." "B'féidir go ndéanfhá-
na gnaithe a bhrochúbhair"
adeir sé: "Tiubhraidh mise
lúptaisí siúbhail duit agus
beidh tú ann i gceathre uaire
fichead. Agus tiubhraidh mé
fáinne dhuit a bhfeicfidh tú
chuile rud thríd. Ar maidin a márach

adeir sé "gléasfaidh mise amach
tú". Ná's moch a d'éirigh an lá-na
~~moch~~ moiche vár'm a d'éirigh Brochbhán agus
~~gleas~~ ghléas sé amach é-fhéin
ina chulaith ghaisge chatha agus
chnuadh chomhraic. Thug
sé dhó an fáinne agus na
lúptaisí siubhail. Dubhairt
sé leis an fáinne a chur ar a
shúil agus go mbeadh bóthar
deanta ag a bhfáinne chuile
áit dhó, nach mbeadh an
ghaoftha fhéin chomh luatha
leis. D'imthigh leis anonn agus
ar maidin lá'r na mhárach
bhí sé teacht isteach sa gcúirt
ag bannríoghan Shleibh an Óir.
Nuair a tháinig sé isteach ann
bheannuigh sé dhí. "Céad
míle fáilte romhat" adeir

sé "go maraidh tú" adeir sé.
"Teastuigheann tusa uainne" adeir
sé "má tá tú 'ndon ~~ta~~da dhéanamh
dhúinn". "Ní anam muinse rud
a luith nach bhfuil sib fhéin i
ndon a dhéanamh nach bhfuil
muise ndon a dhéanamh" adeir sé.
"Bhí muinde anseo" adeir sé
"comhlódar mór dhínn ann
agus" adeir "shíl muid" adeir
sé ~~so~~ "mé fhéin agus a fear
abhí ann na raibh rud a luith
i ndon muid a bhualadh i
ndraoidheacht. "Tháinig fathach
ann" adeir sé "raibh draoicht
aige" adeir sé "agus bhí
bopp be ós draoicht aige" adeir
sé "nach raibh fhios ainn
céard a bhainn chor a luith
dhó" adeir sé "agus sin

é in fhear adeir sé "an sean fhear glic. Chuir sé go h-Éirinn é" adeir sé. Agus adeir sé is ingnean dom an easgan a chur na geasa ortsa agus bhí sí pósta ag fear as Éirinn agus sé bhí na dhraguín a tsa a tarraingt na coille. Rinne sé draguín de" adeir sé. Agus an fáinne óir a chuir sé thusa ionna" adeir sé "sin ingnean dom sa" adeir sé "rinne mé fhéin fáinne óir di faitchios a ndeanfhadh an fathach tada moithi" adeir sé. "Sí an bhean is breaghtha faoi'n domhan í agus aoinú headh sé a. d" adeir sé. "Tá crann ansoin atá míle or aoirde

adeir sí sgathamh ó'n gcuint tá

